AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Roinne Luimnigh 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

# Brollach Oifigeach na Roinne

Tá áthas orm Plean Póilíneachta Roinne Bliantúil Luimnigh don bhliain 2023.

D'fhill mé ar Roinn Luimnigh ó Dheireadh Fómhair 2022 tar éis dom fónamh anseo ag gach céim; an Garda Síochána, Sáirsint, Cigire agus Ceannfort. Bunaithe ar m'eolas ar an Roinn, tá cur amach fairsing agam ar na riachtanais agus na dúshláin a thagann aníos inár bpobail ar bhonn laethúil. Beartaím mar Ard-Cheannfort an bhliain seo chugainn a dhíriú ar chuspóirí luaite Phlean Roinne Luimnigh don bhliain 2023. Déanfar seo trí ráiteas misin an Gharda Síochána, 'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte' a athdhearbhú a bheith ar thús cadhnaíochta ár n-idirchaidrimh go léir leis na daoine agus na pobail ar a bhfreastalaímid.

Leagtar amach i bPlean Póilíneachta Roinne Luimnigh ár dtiomantas agus spriocanna don bhliain amach romhainn agus díriú ar leith ar phríomhlimistéir: Póilíneacht Phobail, Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha, Slándáil Náisiúnta agus Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe.  Tugtar cuntas sa Phlean Póilíneachta ar ár gcuspóirí atá  comhsheasmhach le Spriocanna Náisiúnta ár n-eagraíochta. Leagtar amach ann conas a bheartaímid ár dtorthaí luaite a bhaint amach trí idirchaidreamh bríoch lenár bPobal, Páirtithe Leasmhara agus Íospartaigh. Léiríonn tionscadail agus tionscnaimh nua a thabhairt isteach cosúil le CAST (Foireann Tacaíochta Rochtana Pobail) agus CAD2 (Seachadadh Ríomhchuidithe) ár dtiomantas dár bpobail i Luimneach. Déanfaimid dícheall chun barr feabhais a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid trí Sheirbhís Póilíneachta éifeachtúil, ghairmiúil, ionraic agus eiticiúil a sholáthar.

Aithním go mbeidh dúshláin romhainn feadh an bhealaigh ach sárófar iad seo trí chomhoibriú cuiditheach.

Cinnteoimid go ndíreoimid ar ghníomhaíocht choiriúil, dronga coireachta eagraithe, iompar frithshóisialta agus ar dhrugaí a shealbhú agus a sholáthar trí oibríochtaí spriocdhírithe agus faoi stiúir faisnéise agus tacú leo siúd i gcomhthráth atá leochaileach inár sochaí.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le muintir Luimnigh as a dtacaíocht leanúnach agus a rannpháirtíocht réamhghníomhach. Creidim go docht daingean go mbainfimid ár spriocanna amach trí infheictheacht níos fearr inár bPobail, rannpháirtíocht réamhghníomhach agus éisteacht ghníomhach, le muintir Luimnigh.  Leanfaimid ag treisiú an chaidrimh a chruthaíomar agus Seirbhís Póilíneachta éifeachtach agus ionchuimsitheach á soláthar ar féidir linn go léir a bheith bródúil aisti.

**Derek Smart**
**Ard-Cheannfort**

## Conas teagmháil a dhéanamh le do Roinn – Glaoigh i gcónaí ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Guthán |
|---|---|---|---|
| **An Ceannfort, Cathair Luimnigh Thuaidh** | Sráid Anraí | 24 uair an chloig | (061) 212400 |
| **An Ceannfort, Cathair Luimnigh Theas** | Páirc Chloch an Mhéara | 10:00-18:00 | (061) 456980 |
| | Caisleán Uí Chonaill | 10:00-13:00, 17:00-19:00 | (061) 377105 |
| | Ard na Croise | 10:00-13:00 | (061) 345136 |
| | Bóthar Bhaile an Róistigh | 24 uair an chloig | (061) 214340 |
| | Tobar Phádraig | 10:00-13:00 | (061) 355103 |
| | Baile an Fhaoitigh | 10:00-13:00 | (061) 351102 |
| | Cathair Chinn Lis | 10:00-13:00 | (061) 351202 |
| **An Ceannfort, Contae Luimnigh** | An Brú | 24 uair an chloig | (061) 382940 |
| | An Caisleán Nua | 24 uair an chloig | (069) 20650 |
| | Mainistir na Féile | 10:00-12:00 | (068) 30010 |
| | Áth Dara | 10:00-13:00 | (061) 396216 |
| | Eas Géitine | 24 uair an chloig | (061) 601630 |
| | Áth an tSléibhe | 14:00-15:00 | (068) 42102 |
| | Baile an Gharraí | 14:00-17:00 | (069) 68103 |
| | Baile an Londraigh | 10:00-13:00 | (062) 46622 |
| | Brú Rí | 10:00-13:00 | (063) 90502 |
| | An Cheapach Mhór | 10:00-13:00 | (061) 381202 |
| | Cromadh | 10:00-13:00 | (061) 397240 |
| | Drom Collachair | 10:00-11:30 | (063) 83002 |
| | Faing | 10:00-13:00 | (069) 65122 |
| | An Gleann | 10:00-13:00 | (068) 34100 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An tOspidéal | Dúnta don phobal | (061) 383102 |
| | Cill Mocheallóg | 10:00-13:00 | (063) 98018 |
| | Maigh Rua | 10:00-13:00 | (061) 386102 |
| | An tSeanphailís | 10:00-13:00 | (061) 384102 |
| | Pailís Chaonraí | 10:00-13:00 | (061) 393102 |
| | Ráth Caola | 10:00-13:00 | (069) 63222 |
| **An Ceannfort, Coireacht Luimnigh** | Sráid Anraí | 24 uair an chloig | (061) 212400 |
| Is féidir teacht ar **oifigigh éagsúlachta** don Roinn anseo, nó mar mhalairt air sin, is féidir glaoch ar: (061) 212400 | | | |
| Is féidir teacht ar **oifigigh choiscthe coireachta** don Roinn anseo, nó mar mhalairt air sin, is féidir glaoch ar: (061) 212461 | | | |
| Is féidir teacht ar **chigirí imeaglaithe bainteach le drugaí** don Roinn anseo nó mar mhalairt air sin, is féidir glaoch ar: (061) 212400 | | | |

## 1. An Pobal

Leanúint le ceangail a neartú le pobail, ag oibriú i gcomhpháirtíocht le daoine a choimeád sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Oibriú i gcomhar, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, agus réitigh inbhuanaithe ar bhuarthaí pobail á bhforbairt. | 1.1 Fadhbréiteach i gcomhar le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara, óna n-eascróidh réitigh inbhuanaithe ar bhuarthaí faoi shábháilteacht phobail. |
| 1.2 Seirbhís póilíneachta a sholáthar a aithníonn éagsúlacht na ndaoine ar a bhfreastalaímid. | 1.2 Idirchaidreamh dearfach a dhéanamh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta/daoine a díláithríodh, an pobal gan dídean, daoine scothaosta, daoine óga agus mionlaigh. |
| 1.3 Leanúint ag tacú le daoine a thuairiscíonn Coireacht Fuatha trí fheasacht laistigh den Gharda Síochána agus de phobail a bhíonn thíos leis a mhéadú. | 1.3 Tabharfar tús áite do choireacht fuatha, a neartóidh ár gceangal le grúpaí a ndearnadh difear dóibh agus a chabhraíonn le rannpháirtíocht níos fearr sa phobal. |
| 1.4 Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile leis an díobháil a chomhrac a chruthaigh mangaireacht drugaí i bpobail. | 1.4 Idirchaidreamh réamhghníomhach le gníomhaireachtaí eile cosúil le Fóram Drugaí agus Alcóil Réigiún an Iarthair Láir, tionscadal drugaí Ana Liffey, FSS agus Cé na gCeannaithe. Cur in aghaidh úsáid drugaí agus gníomhaíocht ghaolmhar choiriúil trí chláir Athshtiúrtha Óige cláir agus rannpháirtíocht sa Chlár Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí a chur chun cinn. |

## 1. An Obair a dhéanaimid go Rialta leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara pobail. | |
| Póilíneacht Phobail. | |
| Cláir Scoileanna. | |
| Plean Póilíneachta Nollag Ráth Caola. | |
| Imeachtaí óige a chuireann forbairt pearsanra, chathartha agus shóisialta chun cinn | |
| Cruinnithe Comhchoiste Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail | |

## 2. Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach

Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach le coireacht, treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha faoi stiúir faisnéise a sholáthar i leith coireacht ardmhinicíochta chun dul i ngleic le treochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn. | 2.1 Measúnú leanúnach ar oibríochtaí spriocdhírithe chun freagairt do shaghsanna ar leith coireanna. |
| 2.2 Leanúint le feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe. | 2.2 Comhairle spriocdhírithe faoi chosc na coireachta a sholáthar maidir le calaois agus coireacht cibearchumasaithe agus feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe. |
| 2.3 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht i gcomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. | 2.3 Leanúint ag díriú ar ghníomhaíochtaí Grúpaí Coireachta Eagraithe i Roinn Luimnigh. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Díriú ar láithreacha achrainn Roinne le hOrd Poiblí | |
| Oibríochtaí spriocdhírithe chun freagairt do shaghsanna ar leith coireanna | |
| Calaois agus coireacht chibearchumasaithe a imscrúdú | |
| Comhairle faoi chosc na coireachta a thabhairt don phobal | |


| Príomhtháscaire |
|---|
| Sainaithint agus ionchúiseamh réamhghníomhach ciontóirí as cionta Oird Phoiblí. |
| Aiseolas ó Chomhchoistí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail |
| Méadú ar chalaois agus coireanna cibearchumasaithe a bhrath agus a imscrúdú. |
| Laghdú ar an líon ionsaithe, cionta oird phoiblí agus frithshóisialta |

## 3. Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go dtugtar an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí do gach íospartach a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána agus díriú ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe. | 3.1 Oiliúint ar Uirlis Mheasúnaithe Rioscaí Drochíde sa Teaghlach a thabhairt isteach i measc na gcomhaltaí uile den Gharda Síochána agus Fhoireann ábhartha an Gharda Síochána. |
| 3.2 Cur i bhfeidhm córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do chionta gnéasacha, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gcoireacht. | 3.2 Déanfaidh Cigire i gCeannas na nAonad Seirbhísí Cosanta Roinne monatóireacht ar gach coireacht ghnéis, agus idirchaidreamh á dhéanamh le gach Limistéar Rannpháirtíochta sa Phobal. |
| 3.3 Córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do gach saghas coireachta, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gcoireacht. | 3.3 Oibríocht Lookback a chur i bhfeidhm, a dhíríonn ar theagmhais bhuirgléireachta, robála, agus díola/soláthair drugaí rialaithe nár braitheadh. |
| 3.4 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile. | 3.4 Cuir i Láthair/Taispeántí um Shábháilteacht ar Bhóithre<br>ag institiúidí oideachais Dara/Tríú Leibhéal agus ag Seicphointí Forfheidhmithe Ilghníomhaireachta le Comhpháirtithe Seachtracha. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Monatóireacht leanúnach ar rátaí teagmhála iartheagmhais |  |
| Díriú leanúnach ar íospartaigh ardriosca Dhrochíde sa Teaghlach |  |
| Cuir i Láthair um Shábháilteacht ar Bhóithre |  |
| Díriú ar ghníomhaíochtaí Grúpaí Coireachta Eagraithe |  |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Athbhreithneofar rátaí comhlíonta teagmhála iartheagmhais gach mí agus ullmhófar tuarascáil don PAF Roinne. |
| Feabhsúcháin ar Phríomhtháscairí Seirbhísí d'Íospartaigh |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ó gach cur i láthair/taispeántas agus breithniú a dhéanamh ar athruithe chun an clár a fheabhsú don bhliain 2024 agus lucht éisteachta nua a shainaithint. |
| Méadú ar bhrath agus ar ionchúisimh tromchoireanna. |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus a dhaoine a chosaint ón sceimhlitheoireacht agus bagairtí ar a shárleasanna.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Leanúint den Phlean Forbartha Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm a neartaíonn inniúlacht slándála agus faisnéise an Gharda Síochána. | 4.1 Eolas ar sceimhlitheoirí amhrasta, antoiscigh agus gníomhaithe doicheallacha a mhéadú sa Roinn trí fhaisnéis a bhailiú níos fearr. |
| 4.2 Ullmhacht d'éigeandálaí móra a chinntiú trí oiliúint, forbairt leanúnach feasachta sa Gharda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála. | 4.2 Athbhreithniú, scrúdú agus nuashonrú a dhéanamh ar Phlean Móréigeandála Roinne Luimnigh don bhliain 2023, ár gcaidreamh le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus údaráis áitiúla a neartú. |
| 4.3 Tabhairt faoi oibríochtaí faoi stiúir faisnéise, oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta chun an sceimhlitheoireacht agus gníomhaireachtaí gníomhaithe doicheallacha a shainaithint agus a chur as riocht go réamhghníomhach. | 4.3 Meastóireacht agus measúnú ar spriocanna a bhaint amach agus gníomhaithe doicheallacha féideartha i gcomhar le gníomhaireachtaí náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar riosca. |

## 5. Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe

Cultúr feabhsaithe leanúnaigh a spreagadh agus a chothú, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 An Cumas agus an Acmhainn Athraithe sa Gharda Síochána a fheabhsú tríd an bPlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe a chur i bhfeidhm. | 5.1 Táimid tiomanta d'athrú a leabú agus a chothú agus tacú le cultúr nuálaíochta trí chórais CAST, CAD 2 agus CBUD a chur i bhfeidhm. |
| 5.2 Teacht chun cinn i dtreo stát na todhchaí don Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint, lena mbuntacaíonn fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. | 5.2 Próisis Feidhmíochta agus Chaighdeán (PAFA) RACI a chur i bhfeidhm. |
| 5.3 Cur le cleachtais reatha inbhuanaithe sa Gharda Síochána trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil, atá ar aon dul le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, a fhorbairt. | 5.3 Brath ar chomhaid/cháipéisí páipéarbhunaithe a laghdú trí úsáid níos fearr a bhaint as ardán ECM agus cur chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i leith riaracháin a chur i bhfeidhm. |

## Cumasóir 1: Daoine agus Cuspóir

Is mór don Gharda Síochána luachanna a bheith ina eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Ár n-acmhainn a fheabhsú Acmhainní Daonna, Oiliúint, tacaíochtaí Foghlama agus Forbartha cuí a sholáthar, a chuireann ar chumas ár bpearsanra an rath a bhaint amach ina ról. | E1.1 Ardleibhéal de rátaí críochnaithe LMS a chinntiú agus tabhairt faoi anailís ar riachtanais Oiliúna Roinne. |
| E1.2 Tacaíocht bhreise a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh shláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ar aon dul le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine. | E1.2 Leanúint le Plean Gníomhaíochta do Straitéis Meabhairshláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm. Seimineáir Folláine do chomhaltaí agus foireann an Gharda Síochána a chur ar siúl. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a spreagadh chun gnímh agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ag oibriú le comhpháirtithe le feabhas a chur ar ár gcur chuige ildisciplíneach. | E2.1 Idirchaidreamh leanúnach le comhpháirtithe chun leanúint le cur chuige ildisciplíneach a fhorbairt i leith Bainistíocht Móréigeandála. |
| E2.2 Deiseanna a fhiosrú agus a fhorbairt do chomhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha. | E2.2 Idirchaidreamh a dhéanamh le hOllscoil Luimnigh maidir le Comhpháirtíocht an Gharda Síochána leis an Roinn Margaíochta ag Scoil Ghnó Kemmy agus le Staidéar Paraimhíochaine ag an Scoil Mhíochaine. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus idirchaidreamh soiléir dhá bhealach a fhorbairt trí chainéil nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Idirchaidreamh dhá bhealach a neartú le comhpháirtithe ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, éisteacht le riachtanais ár bpobal agus iad a thuiscint | E3.1 Idirchaidreamh a dhéanamh leis an JPC, Fóram Pobail, an Grúpa Stiúrtha Móréigeandála Réigiúnach agus páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha ábhartha chun cur chuige ildisciplíneach i leith póilíneachta a shainaithint agus a fheabhsú. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dóibh. | E3.2 Plean freagartha a cheapadh i leith thorthaí an Iniúchta Cultúir do Roinn Luimnigh agus faomhadh Fhoireann Bhainistíochta Luimnigh a fháil. |

## Cumasóir 4: Cumasú agus Iontaoibh

Cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú atá bunaithe ar ionracas agus ar Chearta Daonna a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Iompar gairmiúil i measc phearsanra an Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú, a dhéanann cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú. | E4.1 Leanúint le feabhas a chur ar ghairmiúlacht i measc phearsanra an Gharda Síochána, Cearta Daonna agus cinnteoireacht eiticiúil a leabú. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochta an Gharda Síochána a thabhairt isteach. | E4.2 Treoirphleananna agus próisis RACI agus cruinnithe athbhreithnithe ar dhul chun cinn Ráithiúla Op a chur i bhfeidhm go leanúnach. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise

Seirbhís faoi stiúir faisnéise a shaothrú, trí úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht faoi stiúir faisnéise a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, fíorú ár bhFíse Sonraí agus Teicneolaíochta a fhíorú. | E5.1 Tionscnaimh a thabhairt isteach cosúil le haonad nua tástála tiomána faoi thionchar drugaí a thabhairt isteach, patrólú ceilte mótarbhealaigh a chur i bhfeidhm chun Cionta Tarrthála a bhrath agus athbhreithniú a dhéanamh ar Shonraí Seirbhíse Anailíse an GS faoi Imbhuailtí Tromchúiseacha agus Marfacha um Thrácht ar Bhóithre (RTCanna) i Luimneach chun na buaic-amanna imbhuailte agus treochtaí a shainaithint chun sócmhainní RPU a chur chun feidhme. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a dhéantar a bhailíochtú trí athbhreithniú seachtrach. | E5.2 Cáilíocht sonraí a fheabhsú trí Thuairiscí Seachtainiúla agus Míosúla Rialachais agus úsáid éifeachtach agus eiticiúil a bhaint as ár sonraí chun cinntí feasacha a dhéanamh ar gach leibhéal dár n-eagraíocht. |

## Tacaíochtaí Breise a Aimsiú

| Saghas Tacaíochta | Ainm | Láithreán Gréasáin | Ríomhphost | Guthán |
|---|---|---|---|---|
| **Acmhainní Pobail** | An Roinn Forbartha Pobail Uirbigh agus Tuaithe | www.limerick.ie | communityforum@limerick.ie | (061) 556000 |
| | Iontaobhas Chathair Luimnigh | www.limerickcivictrust.ie | info@limerickcivictrust.ie | (061) 313399 |
| | Foróige | www.foroige.ie | info@foroige.ie | (063) 98877 |
| | Acadamh Óige Mhaigh Rois | | fetraheen@lcetb.ie | (061) 487900 |
| | Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh | www.limericksports.ie | info@limericksports.ie | (061) 333 600 |
| | An SBCA, Luimneach | www.mabs.ie/offices/limerick-mabs/ | limerick@mabs.ie | 0818 07 2210 |
| | Comhpháirtíocht Paul | www.paulpartnership.ie | info@paulpartnership.ie | (061) 419 388 |
| **Acmhainní Drugaí agus Alcóil** | Fóram Drugaí agus Alcóil an Iarthair Láir | www.mwrdtf.ie | info@mwrdtf.ie | (061) 607 242 |
| | Tionscadal Drugaí Ana Liffey - Foireann an Iarthair Láir | www.Aldp.ie | info@aldp.ie | 1800 783 828 |
| | Cé na gCeannaithe | www.mqi.ie | info@mqi.ie | 086 793 4920 |
| **Seirbhísí do dhaoine gan dídean** | Novas | www.novas.ie | info@novas.ie | (061) 370325 |
| | Pobal Shíomóin an Iarthair Láir | www.midwestsimon.ie | reception@mwsimon.ie | (061) 608980 |
| | Iontaobhas Peter McVerry | www.pmvtrust.ie | info@pmvtrust.ie | (061) 214 882 |
| | Focus | https://www.focusireland.ie/ | help@focusireland.ie | (061) 405300 |
| | Seirbhísí do dhaoine gan dídean CCL | www.limerick.ie | customerservices@limerick.ie | (061) 557051 |

# Aguisín: An Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (an PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **An Pobal -**<br>Leanúint le **ceangail a neartú** le Pobail, **oibriú i gcomhpháirtíocht** le daoine a choimeád sábháilte. | • Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go bhfuil siad sásta le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann nach ndéileálann an GS le rudaí lena mbaineann tábhacht sa phobal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go n-éisteann an Garda Síochána le buarthaí daoine áitiúla.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach -**<br>**Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach** le coireacht, treochtaí coireachta nua **agus atá ag Teacht chun Cinn** ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach an choireacht go háitiúil<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhíonn buartha go bhféadfaí íospartach na Cibearchoireachta a dhéanamh díobh nó d'aon duine a chónaíonn leo.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhfuil eagla roimh an leibhéal coireachta go ginearálta orthu.<br>• Comhréir na bhfreagróirí nach n-imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha.<br>• Comhréir na bhfreagróirí atá feasach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir freagróirí a luaigh gurbh íospartach an tsaghais chéanna choireachta iad roinnt mhaith uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar chearta daonna.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i dtaobh coireacht a chomhrac.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ceart go leor.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann gur féidir brath ar na Gardaí i mo cheantar a bheith ann in am an ghátair. |
| **Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha -**<br>Díobháil a laghdú trí dhínit agus **Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint** a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána. | • Comhréir na n-íospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gcás.<br>• Comhréir na n-íospartach a thug an choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair na Gardaí go tapa maidir lena dteagmhas is déanaí nuair a tugadh an teagmhas le fios an chéad uair.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh go ndearna an Garda Síochána teagmháil leo tar éis gur tugadh an teagmhas is déanaí dá gcuid le fios. |
| **Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe -**<br>Cultúr **feabhsaithe leanúnaigh** a spreagadh agus a chothú, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine agus Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumasú agus Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise** | • Comhréir na bhfreagróirí a luann go ndéantar bainistiú maith ar an nGarda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a chomhaontaíonn nó a chomhaontaíonn go tréan leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann iontaoibh idir mheánach agus ard le fios as an nGarda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú i bPearsan |
|  | Ar an nguthán |
|  | Ar ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar an teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|   | Feachtais Mheán |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i bpearsan |
|  | Gardaí gnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le gluaisteáin |
|  | Ar ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

